Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge

# Cleachtas Gairmiúil sna Meáin

(MA/Dioplóma Iarchéime)



Comhpháirtíocht eisceachtúil idir Ollscoil na Gaillimhe agus Raidió Teilifís Éireann is ea an MA (Cleachtas Gairmiúil sna Meáin) atá á chur ar fáil trí mheán na Gaeilge ag Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge san Ollscoil. Déanfar staidéar agus anailís chriticiúil ar na meáin agus ar chruinnscríobh na Gaeilge ar líne agus san Ollscoil, agus déanfar staidéar ar chleachtais ghairmiúla chomhaimseartha sna meáin in aonaid Ghaeilge éagsúla de chuid RTÉ i gConamara agus i mBaile Átha Cliath. Gheobhaidh mic léinn taithí luachmhar san iriseoireacht, sa chraoltóireacht, agus i gcruthú ábhair d'ardáin ilmheán, agus iad ag feidhmiú mar 'chleachtóir machnamhach' sa mhórchraoltóir náisiúnta.

## Deiseanna gairme

Beidh deiseanna fostaíochta ar fáil do chéimithe an chláir i dtionscal na meán, i ngairmeacha gaolmhara, agus i réimse gairmeacha eile ina mbíonn sárthuiscint agus taithí ar na meáin ina mbuntáistí sonracha. Ar na fostóirí sin tá RTÉ, TG4, BBC, stáisiúin raidió agus teilifíse áitiúla, comhlachtaí léiriúcháin teilifíse agus raidió, ardáin ilmheán, comhlachtaí caidrimh phoiblí, comhlachtaí stáit agus leathstáit, agus réimse leathan cuideachtaí agus gnólachtaí san earnáil phríobháideach.

## Riachtanais iontrála

Bunchéim Dara hOnóracha, Grád 2 ag leibhéal 8, nó Dara hOnóracha, Grád 2 i gclár iarchéime. Is féidir le hiarrthóirí nach bhfuil na cáilíochtaí acadúla cuí acu, ach a bhfuil ar a laghad cúig bliana de thaithí ghairmiúil acu i réimse na meán nó i réimse gaolmhar, iarratas a dhéanamh faoi chóras na hOllscoile d'Aitheantas don Réamhfhoghlaim (RPL).

Éilítear caighdeán Gaeilge ag leibhéal C1 de Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha mar bhunriachtanas iontrála. Is gá d'iarrthóirí a léiriú do Stiúrthóir Acadúil an chláir go bhfuil an caighdeán seo acu sa Ghaeilge.).

www.ollscoilnagaillimhe.ie/acadamh

Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge







## Cén fáth a roghnófá an cúrsa seo?

- Taithí oibre an-suntasach le RTÉ le linn an chúrsa.
- Staidéar agus taithí ar an iriseoireacht, ar an gcraoltóireacht agus ar an gcruthú ábhair d'ardáin ilmheán.
- Iniúchadh ar na meáin sa saol comhaimseartha.



*"Tá RTÉ thar a bheith sásta a bheith i mbun comhpháirtíochta le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh sa togra suntasach seo. Is sprioc ar leith í ag RTÉ an chéad ghlúin eile de chraoltóirí na Gaeilge a fhorbairt agus a thabhairt chun cinn, agus táimid á dhéanamh sin i gcomhar le Ollscoil na Gaillimhe ar bhealach nach bhfuil feicthe in aon institiúid tríú leibhéal in Éirinn go dtí seo.*

*Níl aon amhras orm ach go rachaidh an clár léinn seo chun tairbhe do mheáin na Gaeilge, agus pobal na Gaeilge dá réir, agus gur céim shuntasach chun cinn í i dtreo aidhmeanna RTÉ a bhaint amach i leith na Gaeilge, i leith an oideachais, agus i leith na comhpháirtíochta."*

**Niamh Ní Churnáin,**
Grúpcheannasaí Gaeilge RTÉ

**Leibhéal an chúrsa:** MA / Dioplóma Iarchéime ag Leibhéal 9

**Fad an chúrsa:** Bliain amháin lánaimseartha (Meán Fómhair go Lúnasa) Dhá bhliain páirtaimseartha

**Líon áiteanna:** 15

**Conas iarratas a dhéanamh:**
https://www.universityofgalway.ie/postgraduateapplications

**Táillí:** €6,200 (lánaimseartha)
€3,100 p.a. (páirtaimseartha)

**Cathain iarratas a dhéanamh:**
Níl aon dáta deiridh leagtha síos ag Ollscoil na Gaillimhe maidir le glacadh le hiarratais (seachas i gcásanna eisceachtúla). Eiseofar tairiscintí ar bhonn leanúnach. Iarrtar ar dhaoine iarratas a dhéanamh chomh luath agus is féidir.

Chun na mionsonraí ar fad a fheiceáil maidir le cathain agus conas iarratas a dheanamh féach https://www.universityofgalway.ie/postgrad-admissions/key-dates/

Eolas faoi chúrsaí ag
www.ollscoilnagaillimhe.ie/acadamh

## Tuilleadh eolais:

Dan Dwyer
t: +353 87 8168629
r: Dan.Dwyer@ollscoilnagaillimhe.ie